

LIOSTA IARRTHÓIRÍ IONAIID

[Páirtí polaitíochta cláraithe]

LITREACHA AITHEANTAIS _____ (le sannadh ag an gceann comhairimh)

LÉIGH NA NÓTAÍ LE DO THOIL SULA gCOMHLÁNÓIDH TÚ AN FHOIRM

Ainm an pháirtí polaitíochta chláraithe a chuireann an liosta iarrthóirí ionaid ar fáil

Inisealacha nó Giorrúchán ainm an Pháirtí _____

1. Déanaim/Déanaimid an duine (na daoine) atá ainmnithe thíos a ainmniú, san ord atá luaite (is é sin, an t-ord a chinn an páirtí), mar iarrthóir(í) ionaid sa toghchán do chomhaltaí Parlaimint na hEorpa i dtoghlach _____

IARRTHÓIR(Í) IONAIID			SAORÁNACHT/ NÁISIÚNTACHT	
SLOINNE	AINM(NEACHA) EILE	SEOLADH	ÉIRE	BALLSTÁT EILE DEN AE
ÚSÁID BLOCLITREACHA LE DO THOIL			CUIR TIC MAR IS CUÍ	
1.				
2.				
3.				
4.				
5.				
6.				
7.				
8.				
9.				
10.				

NÓTA: Más náisiúnach de chuid Ballstáit AE seachas Éire an t-iarrthóir ionaid, ní mór dearbhu reachtúil i leith an iarrthóra ionaid sin a chur ag gabháil leis an liosta iarrthóirí ionaid – féach roinn 2 de na nótaí faoin bhfoirm seo.

2. Tá na nótaí faoin bhfoirm seo léite agam/againn agus dearbhaím/dearbhaímid-
- (a) maidir le gach duine de na daoine atá ainmnithe mar iarrthóir ionaid-
 - (i) gur thoiligh sé nó sí leis an ainmniúchán a dhéanamh;
 - (ii) go bhfuil sé/sí, de réir mar is fearr is eol dom/dúinn agus mar a chreidim/chreidimid, cáilithe lena thoghadh nó lena toghadh chun Parlaimint na hEorpa,
 - (b) maidir le gach duine de na daoine atá ainmnithe mar iarrthóir ionaid-
 - (i) nach iarrthóir ionaid é nó í sa toghchán in aon toghlach eile;
 - (ii) nach iarrthóir é nó í sa toghchán in aon Bhallstát eile de chuid AE, agus
 - (c) de réir mar is fearr is eol dom/dúinn agus mar a chreidim/chreidimid, go bhfuil an fhaisnéis atá á tabhairt sa liosta iarrthóirí ionaid ceart i ngach ponc ábhartha.

NÓTA: Féach roinn 4 de na nótaí faoin bhfoirm seo.

Síniú (Sínithe) an oifigigh (na n-oifigeach) údaraithe

- 1. _____
- 2. _____
- 3. _____

Dáta: _____

Rialaím go bhfuil an liosta iarrthóirí ionaid seo bailí (nó neamhbhailí mar

_____))

Ceann Comhairimh

Dáta _____

Nótaí faoi FHOIRM EP 4 – Liosta na nIarrthóirí Ionaid [Páirtí polaitíochta cláraithe]

Is mar threoir amháin a thugtar na nótaí seo agus ní ceart a mheas gur ráiteas cinnitheach iad ar an dlí a chuimsítear in ailt 11 agus 12 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997 agus i rialacha 17 agus 19 den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht sin.

1. Iarrthóirí ionaid a ainmniú

Ní fhéadfar aon duine nach bhfuil cáilithe lena thoghadh nó lena toghadh chun Parlaimint na hEorpa a ainmniú mar iarrthóir ionaid (féach 4 thíos).

Féadfaidh páirtí polaitíochta cláraithe duine amháin nó níos mó a ainmniú mar iarrthóirí ionaid i ngach toghlach ar leith, ach toiliú an duine/na ndaoine sin a fháil. Féadfar duine atá ina iarrthóir nó ina hiarrthóir sa toghchán a ainmniú mar iarrthóir ionaid.

Is é a bheidh sa líon iarrthóirí ionaid a ainmneoidh páirtí polaitíochta cláraithe maidir le toghlach áirithe ná seisear ar a mhéad de bhreis ar an líon iarrthóirí de chuid an pháirtí sin a bheidh ainmnithe go bailí don toghlach an tráth is déanaí chun iarrthóireacht a tharraingt siar.

Má théann an líon iarrthóirí ionaid a bheidh ar an liosta thar an líon uasta a bheidh ceadaithe, déanfaidh an ceann comhairimh an líon iarrthóirí ionaid de bhreis ar an líon uasta a cheadaítear a scriosadh ón liosta ón mbun aníos.

Ní mór ainmneacha na n-iarrthóirí ionaid a liostú san ord a chinnfidh an páirtí polaitíochta cláraithe.

Ní fhéadfar duine a ainmniú mar iarrthóir ionaid do níos mó ná toghlach amháin.

Ní fhéadfaidh páirtí polaitíochta cláraithe ach liosta iarrthóirí ionaid amháin a chur ar fáil i dtoghloch.

Ní mór an liosta iarrthóirí ionaid a bheith sínithe ag oifigeach/oifigigh údaraithe an pháirtí viz. an duine (na daoine) a bhfuil a ainm/hainm/n-ainmneacha taifeadta i gClár na bPáirtithe Polaitíochta de bhun alt 25(7)(d) den Acht Toghcháin 1992.

Ní mór an liosta iarrthóirí ionaid comhlánaithe a sheachadadh ar an gceann comhairimh laistigh den tréimhse atá socraithe chun ainmniúcháin a ghlacadh i leith an iarrthóra lena mbaineann an liosta iarrthóirí ionaid. Tabhair do d'aire, le do thoil, na spriocamanna éagsúla maidir le hainmniúcháin a ghlacadh i gcás iarrthóirí ar saoránaigh Éireannacha iad agus i gcás iarrthóirí ar náisiúnaigh de Bhallstáit eile den AE iad. Féadfaidh an t-oifigeach (na hoifigigh) údaraithe a shínigh an liosta, nó duine ar iarrthóir de chuid an pháirtí é nó í sa toghlach lena mbaineann, an seachadadh a dhéanamh.

2. Náisiúnach de Ballstát AE seachas Éire

Más rud go ndéantar duine ar náisiúnach de Bhallstát AE seachas Éire é nó í a ainmniú mar iarrthóir ionaid, agus nach n-ainmnítear mar iarrthóir é nó í sa toghlach, ní mór dearbhú reachtúil a chur ag gabháil leis an liosta iarrthóirí ionaid, is é sin le rá, dearbhú reachtúil arna dhéanamh ag an iarrthóir ionaid ar Fhoirm EP3 (ar foirm í atá ar fáil ón gceann comhairimh) ina luaitear a náisiúntacht, an dáta breithe agus an áit bhreithe, an seoladh is déanaí a bhí aige ina Bhallstát baile nó ina Ballstát baile, an seoladh in Éirinn ag a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi, an ceantar/toghloch inar cláraíodh go deireanach é nó í mar

thoghthóir sa Bhallstát baile agus á rá nach iarrthóir é nó í sa toghchán in aon Bhallstát eile agus nach bhfuil an ceart chun seasamh mar iarrthóir ceilte air nó uirthi faoi dhlí a Bhallstáit baile nó a Ballstáit baile mar thoradh ar chinneadh breithiúnach aonair nó ar chinneadh riaracháin a d'fhéadfadh a bheith faoi réir leigheasanna breithiúnacha.

Más rud é nach gcuirtear an dearbhú reachtúil ar fáil in éineacht leis an liosta iarrthóirí ionaid nó más rud é nach bhfuil sé déanta amach i gceart nó sínithe, tá sé d'oibleagáid ar an gceann comhairimh ainm an duine lena mbaineann a scríosadh ón liosta (*riail 19 den Dara Sceideal*).

3. Rialú ar liosta iarrthóirí ionaid

Rialóidh an ceann comhairimh go bhfuil aon liosta nach bhfuil déanta amach i gceart nó sínithe neamhbhailí más rud é nach ndéantar an liosta a leasú chun a shástachta nó chun a sástachta (*riail 19 den Dara Sceideal*).

4. Cáilitheacht maidir le Toghadh do Pharlaimint na hEorpa

Tá cáilitheacht maidir le toghadh do Pharlaimint na hEorpa faoi rialú ag alt 11 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa (Leasú), 2019

5. Liosta iarrthóirí ionaid a tharraingt siar

Féadfar liosta iarrthóirí ionaid a tharraingt siar trí fhógra i scríbhinn a bheidh sínithe ag an oifigeach/na hoifigigh údaraithe agus a thabharfaidh an t-oifigeach/na hoifigigh sin nó iarrthóir páirtí sa toglach lena mbaineann don cheann comhairimh tráth nach déanaí ná an t-am a dtéann an tréimhse ainmniúcháin d'iarrthóirí ar saoránaigh Éireannacha iad in éag i.e. 12 meán lae ar an 14ú lá (gan aon lá eisiata a áireamh) tar éis an dáta is déanaí chun an fógra toghcháin a fhoilsiú. Más rud é, ag an tráth is déanaí chun iarrthóireacht a tharraingt siar, nach bhfuil aon iarrthóir de chuid páirtí áirithe arna ainmniú nó arna hainmniú, meastar an liosta iarrthóirí ionaid don pháirtí sin a bheith tarraingthe siar (*riail 19 den Dara Sceideal*).

6. Pionóis

Dlífear fineáil nó príosúnacht, nó iad araon, a chur ar dhuine faoin Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997 mar gheall ar na nithe seo a leanas-

- (a) duine a ainmniú mar iarrthóir ionaid gan toiliú an duine sin a fháil (*riail 110 den Dara Sceideal*),
- (b) dearbhú bréagach a dhéanamh á rá go bhfuil duine cáilithe lena ainmniú nó lena hainmniú mar iarrthóir ionaid nó nach bhfuil sé nó sí ainmnithe go bailí mar iarrthóir ionaid in aon toglach eile nó mar iarrthóir in aon Bhallstát eile de chuid an AE (*riail 113 den Dara Sceideal*).

